II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1650 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Márta 2022

lena leasaítear na caighdeáin cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646 a mhéid a bhaineann leis na príomhinnéacsanna agus na malartáin aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]) agus go háirithe Airteagal 197(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646 ón gCoimisiún ([2]) ar an mbonn gurb é ba cheart a bheith go príomha in innéacsanna cothromais, a mheasfar gur príomhinnéacsanna iad chun críocha Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (agus dá bhrí sin, lena gcuirfear ar chumas na n-institiúidí na hinnéacsanna a úsáid mar chomhthaobhacht incháilithe a bhfuil na hinnéacsanna sin iontu), cothromais ar féidir a mheas go réasúnach go mbeidís inréadaithe nuair is gá d'institiúd iad a leachtú. Ceapadh go mbeadh amhlaidh nuair a bheadh comhlúthacht shaor de EUR 500 000 000 ar a laghad ag 90 % de chomhpháirteanna innéacs ar a laghad nó, in éagmais faisnéise faoi chomhlúthacht shaor, go mbeadh caipitliú margaidh de ar a laghad EUR 1 000 000 000 acu. Níl aon athrú ar an toimhde sin.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646, sonraítear freisin gur cheart an fhéidearthacht a bheith ag na hinstitiúidí na hionstraimí comhthaobhachta a aithint mar ionstraimí incháilithe, sin ionstraimí a áirítear sna príomhinnéacsanna nach gcomhlíonann na critéir thuasluaite, ach a bhfuil a gcomhpháirteanna trádáilte go leordhóthanach, agus breithnítear critéir nua maidir leis na hinnéacsanna sin a shainaithint ann. Mar sin féin, is léir ón taithí go bhfuil sé deacair na critéir sin a chur i bhfeidhm i gcoinne príomhinnéacs arna bhunú i dtríú tír, ar critéir iad atá sainithe maidir leis an margadh ina bhfuil innéacs bunaithe, mar teastaíonn sonraí a bhailiú le haghaidh na scaireanna uile a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar an margadh sin. Leis an deacracht sin, ní rabhthas in ann cuspóir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bhaint amach go cuí chun íostairseach leachtach na gcomhpháirteanna innéacs a áirithiú. Dá bhrí sin, is gá critéir nua a leagan síos lena dtabharfaí aghaidh ar na heasnaimh a sainaithníodh. Leis na critéir nua sin ba cheart leordhóthanacht na n-ionstraimí mar chomhthaobhacht incháilithe a áirithiú agus dá bhrí sin, ba cheart íostairseach leachtach leordhóthanach ón margadh ina bhfuil an t-innéacs bunaithe a áirithiú, i gcás ina gcomhlíontar dhá choinníoll a bhaineann le táscairí leachtachta margaidh caighdeánacha. Leis an gcéad choinníoll, ba cheart a éilliú go mbeadh comhlúthacht shaor de EUR 25 000 000 ar a laghad ag 80 % de chomhpháirteanna innéacs nó, in éagmais faisnéise faoi chomhlúthacht shaor, go mbeadh

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir leis na príomhinnéacsanna agus na malartáin aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 245, 14.9.2016, lch. 5).

caipitliú margaidh de EUR 50 000 000 ar a laghad acu. Leis an dara coinníoll, ba cheart a cheangal go mbeadh meánláimhdeachas laethúil íosta de EUR 500 000 ag gach comhpháirt an innéacs ag a bhfuil caipitliú margaidh níos lú ná EUR 10 000 000 000 nó cothrom leis sin agus go mbeadh meánláimhdeachas laethúil íosta de EUR 1 000 000 ag gach comhpháirt an innéacs a bhfuil caipitliú margaidh níos mó ná EUR 10 000 000 000 acu. Ba cheart an meánláimhdeachas laethúil a ríomh thar 12 mhí den bhliain féilire roimh an measúnú, nó i gcás inarb infheidhme, thar thréimhse 12 mhí den bhliain féilire roimhe le linn na tréimhse ina raibh an t-ionstraim airgeadais ar fáil lena trádáil.

(3) Le Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leasaíodh an sainmhíniú ar "mhalartán aitheanta" le déanaí, a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (72) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is é a bhí sa leasú sin na focail "nó margadh tríú tír a mheastar a bheith comhionann le margadh rialáilte i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 25(4) de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle" a chur le pointe (a) den phointe (72) sin. De bharr an leasaithe sin, níl "malartáin aitheanta" teoranta do "mhargaí rialáilte" amháin a thuilleadh. Ba cheart an leasú sin a léiriú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646 trí na malartáin sin ar ghlac an Coimisiún cinneadh coibhéise ina leith de bhun Airteagal 25(4), pointe (a), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a áireamh sa Rialachán sin ([4]).

(4) Tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, scoir na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ón 1 Feabhra 2020 agus is tríú tír anois í an Ríocht Aontaithe. Faoi láthair, níor ghlac an Coimisiún cinneadh coibhéise i gcomhréir le hAirteagal 25(4), pointe (a), de Threoir 2014/65/AE i leith na Ríochta Aontaithe. Dá bhrí sin, is gá na malartáin sin arna mbunú sa Ríocht Aontaithe a eisiamh ó liosta na malartuithe aitheanta.

(5) Tharla athruithe áirithe i struchtúr an mhargaidh ó theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646, go háirithe a mhéid a bhaineann le teacht chun cinn malartán nua, cumasc, athruithe ainmneacha nó scor na ngníomhaíochtaí. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646 a leasú dá réir.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

(8) Tá comhairliúcháin poiblí oscailte déanta ag ESMA maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646 mar a leanas:

(1) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646.

([3]) Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

([4]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

NA PRÍOMHINNÉACSANNA A SHONRAÍTEAR FAOI AIRTEAGAL 197 DE RIALACHÁN (AE) Uimh. 575/2013

Tábla 1

Innéacsanna cothromais

Innéacs	Tír/Réigiún
Austrian Traded Index	an Ostair
BEL 20	an Bheilg
CETOP20	an Eoraip Láir
CNX 100	an India
CSI 300 Index	an tSín
EGX 30	an Éigipt
FTSE 350	an Ríocht Aontaithe
FTSE All World Europe	an Eoraip
FTSE All-World Index	Domhanda
FTSE MIB	an Iodáil
FTSE Nasdaq Dubai UAE 20 Index	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha
FTSE RAFI Emerging Index	Margaí éiritheacha
FTSE Straits Times Index	Singeapór
FTSE/JSE Capped Top 40	an Afraic Theas
FTSE/JSE Industrial 25	an Afraic Theas
Hang Seng Mainland 100 Index	Hong Cong
HDAX	an Ghearmáin
IBEX 35	an Spáinn
IBOVESPA	an Bhrasaíl
ISEQ 20	Éire
KOSPI 100	an Chóiré Theas
MSCI ACWI Index	Domhanda
MSCI EM 50	Margaí éiritheacha
NASDAQ-100	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Nikkei 300	an tSeapáin
NYSE ARCA China Index	an tSín
OBX	an Iorua
OMX Copenhagen 25	an Danmhairg
OMX Helsinki 25	an Fhionlainn
OMXS60	an tSualainn
Qatar Exchange General Index	Catar
S&P 500	Stáit Aontaithe Mheiriceá
S&P BSE 100	an India

S&P Latin America 40	Meiriceá Laidineach
S&P/ASX 100	an Astráil
S&P/BMV IPC	Meicsiceo
S&P/NZX 10	an Nua-Shéalainn
S&P/TSX 60	Ceanada
SBF 120	an Fhrainc
SET 50	an Téalainn
SMI Expanded	an Eilvéis
STOXX Asia/Pacific 600	Réigiún an Aigéin Chiúin den Áise
STOXX Europe 600	an Eoraip
TOPIX Mid 400	an tSeapáin
TSEC Taiwan 50	an Téaváin
WIG20	an Pholainn

IARSCRÍBHINN II

MALARTÁIN AITHEANTA A SHONRAÍTEAR FAOI AIRTEAGAL 197 DE RIALACHÁN (AE) Uimh. 575/2013

Tábla 1

Malartáin aitheanta nach dtrádáiltear na conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 orthu

Margadh rialáilte	MIC
AIAF – MERCADO DE RENTA FIJA	XDRF, SEND
ATHENS EXCHANGE SECURITIES MARKET	XATH
BADEN-WUERTTEMBERGISCHE WERTPAPIERBOERSE	STUC, STUA
BOERSE BERLIN	BERC, BERA, EQTB, EQTA
BOERSE DUESSELDORF	DUSC, DUSA
BOERSE MUENCHEN	MUNC, MUNA
BOLSA DE BARCELONA	XBAR, SBAR
BOLSA DE BILBAO	XBIL, SBIL
BOLSA DE MADRID	XMAD, MERF
BOLSA DE VALENCIA	XVAL
BONDSPOT SECURITIES MARKET	RPWC
BOURSE DE LUXEMBOURG	XLUX
BRATISLAVA STOCK EXCHANGE	XBRA
BUCHAREST STOCK EXCHANGE	XBSE
BUDAPEST STOCK EXCHANGE	XBUD
BULGARIAN STOCK EXCHANGE – SOFIA JSC	XBUL
CBOE EUROPE	CCXE
CME AMSTARDAM	BTAM
CYPRUS STOCK EXCHANGE	XCYS
ELECTRONIC BOND MARKET	MOTX
ELECTRONIC ETF AND ETC/ETN MARKET – ETFplus	ETFP
ELECTRONIC SECONDARY SECURITIES MARKET	HDAT
ELECTRONIC SHARE MARKET	MTAA
EURONEXT AMSTARDAM	XAMS
EURONEXT BRUSSELS	XBRU
EURONEXT DUBLIN	XMSM
EURONEXT EXPAND	XOAS
EURONEXT LISBON	XLIS
EURONEXT OSLO	XOSL
EURONEXT PARIS	XPAR
FRANKFURTER WERTPAPIERBOERSE (REGULIERTER MARKT)	FRAA, XETA

HANSEATISCHE WERTPAPIERBOERSE HAMBURG (REGULIERTER MARKT)	HAMA, HAMM
LJUBLJANA STOCK EXCHANGE OFFICIAL MARKET	XLJU
MALTA STOCK EXCHANGE	XMAL, IFSM
MARKET FOR INVESTMENT VEHICLES (MIV)	MIVX
MTS GOVERNMENT MARKET	MTSC
NASDAQ COPENHAGEN	XCSE
NASDAQ HELSINKI	XHEL
NASDAQ ICELAND	XICE
NASDAQ RIGA	XRIS
NASDAQ STOCKHOLM	XSTO
NASDAQ TALLINN	XTAL
NASDAQ VILNIAS	XLIT
NIEDERSAECHSISCHE BOERSE ZU HANNOVER (REGULIERTER MARKT)	HANA
NORDIC GROWTH MARKET NGM	XNGM
NXCHANGE	XNXC
PRAGUE STOCK EXCHANGE	XPRA
RM-SYSTEM CZECH STOCK EXCHANGE	XRMZ
TRADEGATE EXCHANGE (REGULIERTER MARKT)	XGRM
VIENNA STOCKEXCHANGE OFFICIAL MARKET (AMTLICHER HANDEL)	WBAH
WARSAW STOCK EXCHANGE	XWAR, WBON, WETP
ZAGREB STOCK EXCHANGE	XZAG
ASX LIMITED	XASX
CHI-X AUSTRALIA PTY LTD	CHIA
THE STOCK EXCHANGE OF HONG KONG LIMITED (SEHK)	SHKG
BOX OPTIONS EXCHANGE LLC	XBOX
CBOE BYX EXCHANGE, INC. (FORMERLY BATS BYX EXCHANGE, INC.; BATS Y-EXCHANGE, INC.)	BATY
CBOE BZX EXCHANGE, INC. (FORMERLY BATS BZX EXCHANGE, INC.; BATS EXCHANGE, INC.)	BATS
CBOE C2 EXCHANGE, INC.	C2OX
CBOE EDGA EXCHANGE, INC. (FORMERLY BATS EDGA EXCHANGE, INC.; EDGA EXCHANGE, INC.)	EDGA
CBOE EDGX EXCHANGE, INC. (FORMERLY BATS EDGX EXCHANGE, INC.; EDGX EXCHANGE, INC.)	EDGX
CBOE EXCHANGE, INC.	CBSX
CHICAGO STOCK EXCHANGE, INC.	XCHI
THE INVESTORS EXCHANGE LLC	IEXG
MIAMI INTERNATIONAL SECURITIES EXCHANGE	XMIO

MIAX PEARL, LLC	MPRL
NASDAQ BX, INC. (FORMERLY NASDAQ OMX BX, INC.; BOSTON STOCK EXCHANGE)	BOSD
NASDAQ GEMX, LLC (FORMERLY ISE GEMINI)	GMNI
NASDAQ ISE, LLC (FORMERLY INTERNATIONAL SECURITIES EXCHANGE, LLC)	XISX
NASDAQ MRX, LLC (FORMERLY ISE MERCURY)	MCRY
NASDAQ PHLX LLC (FORMERLY NASDAQ OMX PHLX, LLC; PHILADELPHIA STOCK EXCHANGE)	XPHL
THE NASDAQ STOCK MARKET	XNAS
NEW YORK STOCK EXCHANGE LLC	XNYS
NYSE ARCA, INC.	ARCX
AQUA SECURITIES L.P.	AQUA
ATS-1	MSTX
ATS-4	MSPL
ATS-6	MSRP
BARCLAYS ATS	BARX
BARCLAYS DIRECTEX	BCDX
BIDS TRADING, L.P.	BIDS
CIOI	CIOI
CITIBLOC	CBLC
CITICROSS	CICX
CODA MARKETS, INC	CODA
CREDIT SUISSE SECURITIES (USA) LLC	CAES
DEUTSCHE BANK SECURITIES, INC	DBSX
EBX LLC	LEVL
INSTINCT X	BAML
INSTINET CONTINUOUS BLOCK CROSSING SYSTEM (CBX)	ICBX
INSTINET, LLC (INSTINET CROSSING, INSTINET BLX)	XINS
INSTINET, LLC (BLOCKCROSS)	BLKX
JPB-X	JPBX
J.P. MORGAN ATS (“JPM-X”)	JPMX
JSVC LLC	(*)
LIQUIDNET H_2O ATS	LIUH
LIQUIDNET NEGOTIATION ATS	LIUS
LUMINEX TRADING & ANALYTICS LLC	LMNX
NATIONAL FINANCIAL SERVICES, LLC	NFSC
POSIT	ITGI
SIGMA X2	SGMT

SPOT QUOTE LLC	(*)
SPREAD ZERO LLC	(*)
UBS ATS	UBSS
USTOCKTRADE	(*)
VIRTU MATCHIT	VFMI
XE	PJCX

* Níl cód MIC an mhargaidh rialáilte seo le fáil in ISO 10383 – Liosta de na cóid aitheantais malartán agus margaí

Tábla 2

Malartáin aitheanta ar a dtrádáiltear na conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Margadh rialáilte	MIC
ATHENS EXCHANGE DERIVATIVES MARKET	XADE
BUDAPEST STOCK EXCHANGE	XBUD
CBOE DERIVATIVES	CDEX
EUREX DEUTSCHLAND	XEUR
EURONEXT BRUSSELS DERIVATIVES	XBRD
EURONEXT COM\, COMMODITIES FUTURES AND OPTIONS	XEUC
EURONEXT EQF\, EQUITIES AND INDICES DERIVATIVES	XEUE
EUROPEAN ENERGY EXCHANGE	XEEE, XEER
FISH POOL	FISH
HENEX FINANCIAL ENERGY MARKET - DERIVATIVES MARKET	HEDE
HUDEX ENERGY EXCHANGE	HUDX
ICE ENDEX MARKETS	NDEX
ITALIAN DERIVATIVES MARKET	XDMI
MATIF	XMAT
MEFF EXCHANGE	XMRV, XMPW, XMFX
MERCADO DE FUTUROS E OPCOES	MFOX
MONEP	XMON
NASDAQ OSLO	NORX
NASDAQ STOCKHOLM	XSTO
NOREXECO	NEXO
OMIP – POLO PORTUGUES	OMIP
OSLO BØRS	XOSL
WARSAW STOCK EXCHANGE/COMMODITIES/POLISH POWER EXCHANGE/ COMMODITY DERIVATIVES	PLPD
WARSAW STOCK EXCHANGE/FINANCIAL DERIVATIVES	WDER